IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

**I.R. Uimh. 655 de 2022**

SCÉIM UM DHEONTAS DO MHIC LÉINN (LEASÚ) (UIMH.2), 2022

I.R. Uimh. 655 de 2022

SCÉIM UM DHEONTAS DO MHIC LÉINN (LEASÚ) (UIMH.2), 2022

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 16 den Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011 (Uimh. 4 de 2011), agus an tOrdú um Breisoideachas agus Ardoideachas, Thaighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aireachta a Aistriú), 2020 (I.R. Uimh. 451 de 2020) agus, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, déanaimse, SIMON HARRIS, an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, an scéim deontas seo a leanas:—

1. Féadfar Scéim um Dheontas do Mhic Léinn (Leasú) (Uimh.2), 2022 a ghairm den Scéim seo.

2. Tiocfaidh an Scéim seo i ngníomh an 13 Nollaig 2022.

3. Sa Scéim seo, ciallaíonn "Príomh-Scéim" an Scéim um Dheontas do Mhic Léinn, 2022 (S.I. Uimh.118 de 2022).

4. Leasaítear Airteagal 27 den Phríomh-Scéim tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (2):

> "(2) Beidh luach na rátaí speisialta agus caighdeánacha den deontas cothabhála i leith cúrsa ceadaithe de réir na rátaí bliantúla arna sonrú ag an Aire. Tá na rátaí arna sonrú don bhliain airgeadais leagtha amach i Sceidil 3 agus 3A."

5. Leasaítear an Phríomh-Scéim tríd an Airteagal seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Airteagal 27 (5):

> "(6). Déanfar luach iomlán an Deontais Chothabhála a bheadh iníoctha, ina ainneoin sin, le hiarratasóir faoin Airteagal seo agus faoi Sceideal 3 i leith na tréimhse Eanáir go Bealtaine 2023 a mhéadú faoin méid iomlán a shonraítear i Sceideal 3A. Déanfar an méid breise sin a íoc ar bhonn pro rata i leith tinreamh iarratasóra ar chúrsa ceadaithe agus i bhforas ceadaithe le linn na tréimhse seo."

6. Leasaítear an Phríomh-Scéim tríd an Sceideal seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Sceideal 3:

*Foilsíodh fógra san "Iris Oifigiúil" an 16 Nollaig, 2022, á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtúil seo.*

"Sceideal 3A

Méid breise an deontais chothabhála i leith na tréimhse Eanáir – Bealtaine 2023

| | Ráta Neamh-Chóngarach | Ráta Cóngarach |
|---|---|---|
| Ráta speisialta cothabhála | € 476 | € 201 |
| Ráta caighdeánach— Cothabháil Iomlán Banda 1 | € 251 | € 110 |
| Ráta caighdeánach— Cothabháil Pháirteach Banda 2 | € 137 | € 62 |
| Ráta caighdeánach— Cothabháil Pháirteach Banda 3 | € 96 | € 45 |
| Ráta caighdeánach— Cothabháil Pháirteach Banda 4 | € 53 | € 28 |

"

7. Leasaítear Airteagal 37 den Phríomh-Scéim tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (2):

> "(2) Déanfaidh an t-údarás dámhachtana, nó údarás íocaíochta iomchuí eile dá dtagraítear i mír (1), deontais chothabhála a íoc i naoi dtráthchuid, de réir na rátaí bliantúla a shonraítear i Sceideal 3 agus na méideanna breise a shonraítear i Sceideal 3A."

Toilíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leis an Scéim roimhe seo a dhéanamh.

L.S.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala
Oifigiúil, an 13 Nollaig 2022.

MICHAEL MCGRATH,
An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

L.S.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala
Oifigiúil, an 13 Nollaig 2022.

SIMON HARRIS,
An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN,
CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8,
D08 XAO6

Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD,
KILMAINHAM, DUBLIN 8,
D08 XAO6

Tel: 046 942 3100
E-mail: publications@opw.ie

ISBN 978-1-3993-2060-3

€ 3.00

(HEEA-19) 75. 12/22. Propylon.